Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**5571/22**

**CSDP/PSDC 36**
**CFSP/PESC 62**
**COAFR 26**
**CONUN 20**
**ATALANTA 3**
**PSC DEC 2**
**EUMC 24**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le cúram feidhmiúcháin tánaisteach de chuid oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (Atalanta), a ghníomhachtú, lena rannchuidítear le cur i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile (ATALANTA/2/2022) |

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le cúram feidhmiúcháin tánaisteach oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (Atalanta), a ghníomhachtú, lena rannchuidítear le cur i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile (ATALANTA/2/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile[1], agus go háirithe Airteagal 2b di,

---

[1] IO L 301, 12.11.2008, lch. 33.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/2188[1], lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES agus lenar dtugtar, *inter alia*, cúram tánaisteach feidhmiúcháin chun rannchuidiú le cur i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile ('an cúram feidhmiúcháin tánaisteach') d' oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (Atalanta).

(2) Foráiltear le hAirteagal 2b(3) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, go ngníomhachtóidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an cúram feidhmiúcháin tánaisteach nuair a thuairisceoidh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh go bhfuil na sócmhainní is gá ag Atalanta chun na cúramaí dá dtagraítear san Airteagal sin a chomhlíonadh.

(3) Thuairiscigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh go bhfuil na sócmhainní is gá ag Atalanta chun an cúram feidhmiúcháin tánaisteach a chomhlíonadh.

(4) Ba cheart an cúram feidhmiúcháin tánaisteach a ghníomhachtú láithreach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (CBES) 2020/2188 ón gComhairle an 22 Nollaig 2020 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robála armtha a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois amach ó chósta na Somáile (IO L 435, 23.12.2020, lch. 74).

*Airteagal 1*

Leis seo, déanfar an cúram feidhmiúcháin tánaisteach lena rannchuidítear le cur i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí támhshuanacha amach ó chósta na Somáile, a thugtar do Atalanta trí bhíthin Airteagal 2b de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, a gníomhachtú.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, …

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*